AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 14.10.2021
COM(2021) 634 final

2021/0328 (COD)

Togra le haghaidh

CINNEADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

maidir le Bliain Eorpach na hÓige 2022

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN TOGRA

• Forais agus cuspóirí an togra

An 15 Meán Fómhair 2021, d'fhógair an tUachtarán von der Leyen ina h**Aitheasc ar Staid an Aontais** go mbeartóidh an Coimisiún Eorpach go mbeidh 2022, Bliain Eorpach na hÓige, *'ina bliain a thiomnófar do chumhachtú na ndaoine a bhfuil oiread sin tiomnaithe acu féin do dhaoine eile'.* Agus í ag cur béim ar an muinín maidir le todhchaí na hEorpa a spreagann daoine óga na hEorpa inti, dúirt an tUachtarán von der Leyen '*má táimid lenár nAontas a mhúnlú ar bhealach atá siadsan á iarraidh, caithfidh daoine óga a bheith in ann todhchaí na hEorpa a mhúnlú.'*

Chun go n-éireoidh linn ár gcomhthionscadal Aontais a spreagadh le gníomhartha, brionglóidí, dóchas agus léargais na chéad ghlún eile, ní mór Bliain Eorpach na hÓige a bheith cuimsitheach amach is amach. I bhfocail an Uachtaráin von der Leyen: '*Tá an t-aos óg ina iomláine de dhíth ar an Eoraip*'.

Bhí tionchar nach bhfacthas riamh agus tionchar míchothrom ag paindéim COVID-19 ar an oideachas, ar an bhfostaíocht, ar an gcuimsiú sóisialta agus ar mheabhairshláinte daoine óga. Mar thoradh ar an bpaindéim agus ar na bearta a bhain léi, cuireadh isteach ar a n-oideachas agus a n-aistriú go fostaíocht, agus mhothaigh go leor daoine óga uaigneach, imníoch agus in ísle brí. An tslí ar cuireadh isteach ar naisc theaghlaigh agus naisc shóisialta, bhí tionchar an-mhór aige sin ar leanaí, ar dhéagóirí agus ar dhaoine fásta óga, agus bhuail an ghéarchéim eacnamaíoch, arna spreagadh ag an dianghlasáil, Eorpaigh óga go háirithe. [1]

San am céanna, tá dlúthpháirtíocht agus tacaíocht idirghlúine léirithe ag daoine óga, fad a bhí eachtraí luachmhara ina saol laethúil á dtabhairt suas acu ar '*eachtraí de chuid na hÓige*' iad. Agus mar sin féin, léirigh daoine óga, atá ar cheann de na cohóirt is mó éagsúlacht i sochaí na hEorpa an-teacht aniar agus bhí baint acu le tionchar na paindéime a mhaolú.

Dá bharr sin, le **Bliain Eorpach na hÓige 2022** spreagfaí daoine óga na hEorpa a thuilleadh le le smaointe agus léargais a chur chun cinn chun forbairt an Aontais agus an tsochaí i gcoitinne a mhúnlú. Deis a bheadh ann freisin chun feasacht a mhúscailt maidir leis na deiseanna a bheidh ann amach anseo le haghaidh daoine óga. Is é cuspóir foriomlán Bhliain Eorpach na hÓige borradh a chur faoi iarrachtaí an Aontais, na mBallstát agus na n-údarás réigiúnach agus áitiúil **onóir a thabhairt don óige, tacú leis léi agus dul i dteagmháil léi i bpeirspictíocht iar-phaindéime** trí na nithe seo a leanas a dhéanamh:

(1) béim a leagan ar an gcaoi a dtairgtear leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach peirspictíocht athnuaite maidir leis an todhchaí agus deiseanna chun dul i ngleic le tionchar diúltach na paindéime ar dhaoine óga agus ar an tsochaí i gcoitinne, inspioráid a fháil ó ghníomhartha, ó fhís agus ó léargais daoine óga chun tionscadal coiteann an Aontais Eorpaigh a neartú agus a spreagadh a thuilleadh agus éisteacht a thabhairt dóibh, a n-ábhar imní a chur san áireamh agus tacú leo deiseanna nithiúla cuimsitheacha a fhorbairt, agus an úsáid is fearr á baint as ionstraimí an Aontais san am céanna,

[1] ECFE, 2020. Youth and Covid-19 [An óige agus COVID-19]. Response, Recovery and Resilience [Freagairt, téarnamh agus athléimneacht]. ECFE, 2020. EIS, 2020. Covid and Youth [COVID agus an óige]. Impacts on Jobs, Education, Rights and mental Well-being [Tionchar ar phoist, ar an oideachas, ar chearta agus ar an dea-bhail mheabhrach]. Eurostat, 2020. Being young in Europe today – health [A bheith óg san Eoraip sa lá atá inniu ann – an tsláinte].

(2) gach duine óg a spreagadh, go háirithe daoine óga a bhfuil níos lú deiseanna acu, daoine óga ó chúlraí atá faoi mhíbhuntáiste nó a bhaineann le grúpaí leochaileacha, le bheith ina shaoránach gníomhach rannpháirteach chomh maith le bheith ina ghníomhaí chun athruithe a bhaint amach, arna spreagadh ag an mothúchán go bhfuil muintearas aige san Eoraip. Áirítear leis sin iarrachtaí breise chun acmhainn a fhorbairt maidir le rannpháirtíocht na hóige agus rannpháirtíocht shibhialta i measc daoine óga agus i measc na bpáirtithe leasmhara uile a oibríonn chun ionadaíocht a dhéanamh ar a leas. Is éard atá i gceist leis sin rannpháirtíocht daoine óga ó chúlraí éagsúla agus a bhaineann le grúpaí leochaileacha freisin i bpríomhphróisis chomhairliúcháin, amhail an Chomhdháil ar Thodhchaí na hEorpa,

(3) deiseanna a chur chun cinn le haghaidh daoine óga a eascraíonn as beartais phoiblí ar leibhéal an Aontais, ar an leibhéal náisiúnta, ar an leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal áitiúil, chun tacú lena bhforbairt phearsanta, shóisialta agus ghairmiúil in Aontas atá níos glaise, níos digití agus níos cuimsithí.

Ina ciall níos leithne, beidh Bliain Eorpach na hÓige fite fuaite le cur chun feidhme rathúil **Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh (NextGenerationEU)**, ionstraim lena n-áirithítear go gcuirfear dlús leis an dá aistriú, lena ndéantar foráil maidir le deis a chur ar fáil dúinn teacht amach as an bpaindéim le chéile agus sinn níos láidre agus lena gcuirfear peirspictíochtaí ar fáil le haghaidh daoine óga atá lán de dheiseanna, lena n-áirítear poist ardcháilíochta agus deiseanna oideachais agus oiliúna le haghaidh na hEorpa a bheidh ann amach anseo, agus lena dtacaítear le rannpháirtíocht daoine óga sa tsochaí. Tá sé d'aidhm ag an gCoimisiún feabhas a chur ar ról na hóige maidir leis an téarnamh a iompú ina fhórsa tiomána don fholláine agus don leas a bheidh dírithe ar an todhchaí.

• Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana

Is é atá i **Straitéis Óige an Aontais Eorpaigh** creat an Aontais le haghaidh comhar um beartas óige le haghaidh 2019-2027, bunaithe ar **an Rún ón gComhairle an 26 Samhain 2018**[2]. Le comhar óige an Aontais bainfear an leas is fearr is féidir as acmhainneacht bheartas na hóige. Cothaítear leis rannpháirtíocht na hóige sa saol daonlathach, i gcomhréir le hAirteagal 165(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. Chomh maith leis sin, tacaíonn sé le rannpháirtíocht shóisialta agus shibhialta agus is é is aidhm leis a chinntiú go mbeidh na hacmhainní is gá ag gach duine óg chun páirt a ghlacadh sa tsochaí.

Maidir le **Spriocanna Eorpacha don Óige**[3], atá ina gcuid lárnach de Straitéis Óige an Aontais Eorpaigh, d'fhorbair daoine óga don aos óg iad faoi phróiseas Idirphlé an Aontais i leith na hÓige agus léiríonn siad na réimsí ina bhfuil gá le hathrú fós le go mbeidh daoine óga in ann barr a gcumais a bhaint amach ina saol.

San am céanna, le Bliain Eorpach na hÓige 2022, cuirfear dlús uathúil le cruthú **Limistéir Eorpaigh Oideachais** trí fhíorspás Eorpach foghlama a chruthú faoi 2025, spás nach gcuirfear isteach ann ar oideachas ná ar oiliúint chuimsitheach agus ar ardcháilíocht do chách mar gheall ar theorainneacha. Cuirfidh sí leis an g**Comhshocrú Aeráide Eorpach**, leis an b**Plean Gníomhaíochta don Oideachas Digiteach** nuashonraithe agus leis an tionscnamh '**HealthyLifestyle4all**' [Stíl saoil sláintiúil do chách]. Tacófar léi le Plean Gníomhaíochta Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta i réimsí na fosaíochta, scileanna agus laghdú na bochtaineachta. Leagfar béim i mBliain Eorpach na hÓige ar iarrachtaí an Aontais deiseanna fostaíochta don aos óg a mhéadú sa téarnamh iar-phaindéime tríd an **Ráthaíocht don Aos**

[2] https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=OJ:C:2018:456:FULL

[3] https://europa.eu/youth/strategy/european-youth-goals_ga

Óg[4] atreisithe, agus trí athsheoladh an Chomhaontais Eorpaigh do Phrintíseachtaí agus Líonra Eorpach na bPrintíseach ,tríd an Ráthaíocht Eorpach do Leanaí, trí chur chun feidhme an **Chláir Oibre Eorpaigh Scileanna Nua**[5]**,** tríd an Moladh ón gCoimisiún maidir le **Tacaíocht Ghníomhach Éifeachtach don Fhostaíocht tar éis Ghéarchéim COVID-19**[6] (Effective Active Support to Employment following the COVID-19 crisis) **(EASE)**, chomh maith le seoladh an tionscnaimh nua **ALMA** (Aim, Learn, Master, Achieve) [Aimsigh, Foghlaim, Máistrigh, Bain amach]. Scéim soghluaisteachta trasteorann don aos óg a bheidh in ALMA le haghaidh daoine óga faoi mhíbhuntáiste idir 18 agus 30 nach bhfuil i mbun oideachais, fostaíochta ná oiliúna.

Cé gur 'dúchasaigh dhigiteacha' iad daoine óga, go háirithe mionaoisigh, is ceart tacú leo agus iad a chumhachtú i leith an tsaoil ina bhfuil an t-idirdhealú idir an saol ar líne agus an saol as líne ag éirí níos doiléire i gcónaí. In 2022, beidh rannpháirtíocht na hóige, scileanna digiteacha, cuimsiú agus cur chun cinn folláine leanaí i gcroílár an leagain nuashonraithe den **Straitéis i ndáil le hIdirlíon Níos Fearr do Leanaí**.

Le Straitéis Chuimsitheach an Aontais um Chearta an Linbh agus leis an Ráthaíocht Eorpach do Leanaí[7] socraítear caighdeán nua maidir le rannpháirtíocht leanaí agus déagóirí mar gur forbraíodh iad le leanaí.

Tá infheistíocht shuntasach ón Aontas mar bhonn taca le go leor de na deiseanna sin, go háirithe trí bhíthin cláir amhail Erasmus+, an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach, Ciste Sóisialta na hEorpa Plus, Eoraip na Cruthaitheachta, Fís Eorpach, an Clár um Shaoránaigh, Comhionannas, Cearta agus Luachanna, an Ciste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht, an Clár um Cheartas, Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, an Ciste Eorpach Iascaigh agus Dobharshaothraithe agus an Ciste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe. Leis na cláir mhaoiniúcháin sin déantar rannchuidiú suntasach de chuid an Aontais maidir le daoine óga a chumasú le dul sa tóir ar a sásamh pearsanta, sóisialta agus gairmiúil.

Cláir an Aontais atá spriocdhírithe go sonrach ar an óige, beidh príomhról acu le linn Bhliain Eorpach na hÓige. Beidh an bhliain 2022 ina comóradh 35 bliana ar an gclár Erasmus+ agus deis iontach a bheidh sa Bhliain ceiliúradh a dhéanamh ar an deich milliún duine óg a ghlac páirt san eachtra sin ó 1987, agus an chead ghlúin eile den chlár sin a chur chun cinn i ngach gné de, lena gcumhdaítear oideachas, oiliúint, an óige agus spórt. An cúigiú bliain den Chór Dlúthpháirtíochta Eorpach a bheidh ann in 2022 freisin. Dáta siombalach chun gníomhaíochtaí nó imeachtaí a eagrú a bheidh sa 9 Bealtaine.

Ba cheart gníomhaíochtaí a eagrófar le linn Bhliain Eorpach na hÓige a bheith ábhartha i gcás na mBallstát uile. D'iarrfaí ar na Ballstáit, dá bhrí sin, comhordaitheoir náisiúnta a cheapadh a bheidh freagrach as a rannpháirtíocht i mBliain Eorpach na hÓige a eagrú. Tionólfaidh an Coimisiún cruinnithe de chuid na gcomhordaitheoirí náisiúnta chun comhordú a dhéanamh ar reáchtáil Bhliain Eorpach na hÓige agus chun faisnéis a mhalartú maidir lena cur chun feidhme ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais.

---

4 https://ec.europa.eu/social/BlobServlet?docId=22829&langId=en

5 https://ec.europa.eu/social/main.jsp?catId=1223&langId=ga

6 https://ec.europa.eu/social/BlobServlet?docId=23699&langId=en

7 https://ec.europa.eu/info/policies/justice-and-fundamental-rights/rights-child/eu-strategy-rights-child-and-european-child-guarantee_enhttps://ec.europa.eu/info/policies/justice-and-fundamental-rights/rights-child/eu-strategy-rights-child-and-european-child-guarantee_ga

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Beidh Bliain Eorpach na hÓige 2022 trasearnálach, agus cuirfear léi le beartais agus cláir uile an Aontais lena ndéantar iarracht feabhas a chur ar shaol daoine óga agus iad a chumhachtú. Ba cheart tógáil ar an gComhaontú Glas don Eoraip léi – Straitéis an Aontais maidir le fás inbhuanaithe – agus ar thionscnaimh agus beartais eile atá ann cheana amhail an Deacáid Dhigiteach, Margadh Aonair na hEorpa (a bheidh 30 bliain ar an bhfód go luath), Bauhaus Nua Eorpach, misin Fís Eorpach, an Chomhdháil ar Thodhchaí na hEorpa, Colún Eorpach na gCeart Sóisialta, Straitéis an Aontais maidir le Cearta an Linbh, an Straitéis maidir le Cearta Daoine faoi Mhíchumas, Creat Straitéiseach an Aontais Eorpaigh maidir le Comhionannas, Cuimsiú agus Rannpháirtíocht na Romach, an Straitéis um Chomhionannas LGBTIQ, Plean Gníomhaíochta an Aontais maidir le Frithchiníochas, Straitéis an Aontais maidir le Frithsheimíteachas a chomhrac agus Saol na nGiúdach a chothú, an Plean Gníomhaíochta maidir le Lánpháirtiú agus le Cuimsiú 2021-2027, an Straitéis maidir le Comhionannas Inscne, an Plean Gníomhaíochta um an Daonlathas Eorpach, Plean na hEorpa chun an Ailse a Chomhrac agus Fís Fhadtéarmach an Aontais i leith Ceantair Thuaithe. Tá naisc ag Bliain Eorpach na hÓige le go leor réimsí beartais de chuid an Aontais sa bhreis ar bheartas na hóige féin, amhail oideachas agus oiliúint, fostaíocht, cuimsiú sóisialta, cultúr agus na meáin, spórt, sláinte, taighde agus nuálaíocht, an comhshaol agus an aeráid, iompar, neamh-idirdhealú agus frithchiníochas, beartas comhtháthaithe agus uirbeach, forbairt tuaithe agus an imirce, chomh maith le naisc an Aontais lena chomharsanacht agus lena chomhpháirtíochtaí idirnáisiúnta.

Cuirfear Bliain Eorpach na hÓige chun feidhme trí úsáid a bhaint as cláir de chuid an Aontais atá ann cheana agus sásraí seachadta atá i bhfeidhm cheana agus an spreagadh a chuirtear ar fáil le hIonstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh. Tá infheistíocht a bhaineann leis an óige incháilithe faoi láthair do mhaoiniú suntasach ón Aontas faoi roinnt clár agus ionstraimí de chuid an Aontais, go háirithe Erasmus+, an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach, Erasmus d'Fhiontraithe Óga, Eoraip na Cruthaitheachta, Ciste Sóisialta na hEorpa Plus, an Tionscnamh um Fhostaíocht don Aos Óg, Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, an Ciste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe, an Ciste Eorpach Iascaigh agus Dobharshaothraithe, an Clár um Shaoránaigh, Comhionannas, Cearta agus Luachanna, an clár don Eoraip Dhigiteach agus Fís Eorpach. Dlúthchuid de rannpháirtíocht daoine óga an Aontais lenár gcomhpháirtithe idirnáisiúnta is ea gné sheachtrach na gclár sin agus a ceachtanna luachmhara a chomhroinnt, chomh maith le hionstraimí seachtracha tiomnaithe amhail an Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta. Leis an bPlean Gníomhaíochta don Óige atá ag teacht chun cinn cuirfear ar fáil príomhfhócas le haghaidh ghné sheachtrach Bhliain Eorpach na hÓige.

Beidh Bliain Eorpach na hÓige 2022 ailínithe le tosaíochtaí an Choimisiúin le haghaidh 2019-2024.

2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

I gcomhréir le hAirteagal 6(e) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), i réimse na hóige, tá an inniúlacht ag an Aontas gníomhartha a chur i gcrích chun tacú le gníomhaíochtaí na mBallstát, nó chun na gníomhaíochtaí sin a chomhordú nó a fhorlíonadh. Foráiltear le hAirteagal 165(2) CFAE go mbeidh sé d'aidhm ag gníomhaíocht an Aontais '*taobhú le forbairt comhaiseag idir daoine óga agus idir teagascóirí sochoideachasúla, agus rannpháirtíocht na ndaoine óga i saol daonlathach na hEorpa a chothú*'. Foráiltear san Airteagal seo freisin maidir le soghluaisteacht mac léinn agus an ghné Eorpach in oideachas agus spórt a spreagadh. Sa bhreis air sin, foráiltear in Airteagal 166(2) CFAE go mbeidh sé

d'aidhm ag gníomhaíocht an Aontais '*rochtain ar an ngairmoiliúint a éascú agus taobhú le soghluaisteacht oidí agus daoine faoi oiliúint, go háirithe daoine óga*' agus '*malartuithe faisnéise agus taithí a fhorbairt ar shaincheisteanna is coiteann do chórais oiliúna na mBallstát*'.

Tá bunús dúbailte leis an togra:

(1) Airteagal 165(4) CFAE, ina sonraítear, chun rannchuidiú leis na cuspóirí sin dá dtagraítear san Airteagal seo a ghnóthú, go nglacfaidh '*Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle, ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach agus tar éis dul i gcomhairle leis an gCoiste Eacnamaíoch agus Sóisialta agus le Coiste na Réigiún, gníomhaíochtaí dreasachta, amach ó aon chomhchuibhiú ar dhlíthe agus rialúcháin na mBallstát*'.

(2) Sonraítear in Airteagal 166(4) CFAE an méid seo a leanas: 'Déanfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle, ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach agus tar éis dul i gcomhairle leis an gCoiste Eacnamaíoch agus Sóisialta agus le Coiste na Réigiún, bearta a ghlacadh chun rannchuidiú leis na cuspóirí dá dtagraítear san Airteagal seo a ghnóthú, gan aon chomhchuibhiú ar dhlíthe agus rialacháin na mBallstát, agus glacfaidh an Chomhairle moltaí, ar thogra ón gCoimisiún.'

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

Tá an togra reatha i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta dá bhforáiltear in Airteagal 5(3) den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE). Ní féidir cuspóirí an togra a bhaint amach go leordhóthanach trí gníomhaíocht a dhéanann na Ballstáit amháin. Is amhlaidh atá mar go bhfuil sé d'aidhm go sonrach ag an ngníomhaíocht guth daoine óga ar an leibhéal Eorpach a láidriú chun comhthionscadal an Aontais a shaibhriú agus mar nach mbainfeadh beart ar an leibhéal náisiúnta amháin leas as an ngné Eorpach de mhalartuithe taithí agus dea-chleachtais idir na Ballstáit. Saothróidh an tAontas a chuspóirí ar na dóigheanna is iomchuí i gcomhréir leis na hinniúlachtaí a thugtar dó leis na Conarthaí. Sa bhreis air sin, bhainfeadh gníomhaíocht na mBallstát leas as an bhfeasacht agus as an infheictheacht a chruthaítear laistigh agus lasmuigh den Aontas.

- **Comhréireacht**

Tá an togra atá ann faoi láthair i gcomhréir le prionsabal na comhréireachta dá bhforáiltear in Airteagal 5(4) CAE. Tá an rud atá á bheartú simplí. Braitheann sé ar chláir atá ann cheana agus ar ghníomhaíochtaí cumarsáide a athdhíriú ar théamaí Bhliain Eorpach na hÓige 2022. Leis an togra seo ní fhorchuirtear aon srian bainistíochta díréireach ar lucht riaracháin a chuireann é chun feidhme.

Tacóidh gníomhaíocht an Aontais le hiarrachtaí na mBallstát agus cuirfidh sí leo. Ar an gcéad dul síos, cuirfear feabhas ar éifeachtacht ionstraimí dílse an Aontais leis an ngníomhaíocht seo. Ar an dara dul síos, feidhmeoidh sí mar chumasóir trí shineirgí agus comhar a chothú idir na Ballstáit, idir eagraíochtaí agus fothaí, agus idir fiontair phríobháideacha agus phoiblí.

Leis an ngníomhaíocht de chuid an Aontais, ní rachfar thar a bhfuil riachtanach chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a sainaithníodh.

- **An rogha ionstraime**

Cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, sin an ionstraim is iomchuí chun rannpháirtíocht iomlán an údaráis reachtaigh a áirithiú maidir le 2022 a ainmniú mar Bhliain Eorpach na hÓige.

3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ *EX POST*, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí *ex post*/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Ní bhaineann le hábhar.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Ní bhaineann le hábhar.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Ní bhaineann le hábhar.

- **Measúnú tionchair**

Níl measúnú tionchair de dhíth, ó tharla go dtagann cuspóirí an togra atá beartaithe faoi chuspóirí chláir an Aontais atá ann cheana. Is féidir Bliain Eorpach na hÓige 2022 a chur chun feidhme laistigh de theorainneacha buiséid atá ann cheana trí na cláir sin a úsáid lena ndéantar foráil maidir le tosaíochtaí maoiniúcháin a shocrú ar bhonn bliantúil nó ar bhonn ilbhliantúil. Ní bheadh aon tionchar suntasach sóisialta, eacnamaíoch nó comhshaoil ag an togra atáthar a mholadh thar a bhfuil sna ionstraimí atá ann cheana.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Ní bhaineann le hábhar.

- **Cearta bunúsacha**

Ní bhaineann le hábhar.

4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Is leor an tsolúbthacht chun tosaíochtaí a shocrú ar bhonn bliantúil nó ilbhliantúil sna cláir ábhartha, amhail clár Erasmus+ agus an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach, chun feachtas múscailte feasachta a bheartú ar scála a bheidh cosúil le scála na mblianta Eorpacha roimhe sin. Díreofar EUR 8 milliún ar a laghad ar na gníomhaíochtaí comhordaithe sin. Tacófar leis an gcuid is mó de na gníomhartha trí bhíthin cláir agus ionstraimí de chuid an Aontais, agus rachaidh gníomhartha go díreach chun leas dhaoine óga na hEorpa.

5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Ba cheart do chomhordaitheoirí náisiúnta, i gcomhar le hionadaithe eagraíochtaí nó comhlachtaí i réimse na hóige, lena n-áirítear daoine óga iad féin i gcás inar féidir, teagmháil

a bheith acu le daoine óga go gníomhach maidir le hullmhú agus le cur chun feidhme ghníomhaíochtaí Bhliain Eorpach na hÓige 2022.

Áirítear sa togra oibleagáid atá ar an gCoimisiún tuarascáil a ullmhú faoin 31 Nollaig 2023 maidir le cur chun feidhme, torthaí agus measúnú foriomlán ar na tionscnaimh a chumhdaítear faoi Bhliain Eorpach na hÓige.

Tar éis Bhliain Eorpach na hÓige, faoi chur chun feidhme Straitéis Óige an Aontais Eorpaigh 2019-2027, féachfaidh an Coimisiún le torthaí agus oidhreacht na Bliana a choinneáil beo, a chur chun cinn agus a anailísiú a thuilleadh agus na torthaí agus an oidhreacht sin a chur chun feidhme trí chláir óige éagsúla de chuid an Aontais.

- **Doiciméid mhíniúcháin (i gcás treoracha)**

Ní bhaineann le hábhar.

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

2021/0328 (COD)

Togra le haghaidh

CINNEADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

maidir le Bliain Eorpach na hÓige 2022

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 165(4) agus Airteagal 166(4) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[8],

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún[9],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Sonraítear in Airteagal 165(2) CFAE go mbeidh gníomhaíocht an Aontais dírithe, *inter alia*, ar 'rannpháirtíocht daoine óga i saol daonlathach na hEorpa a chothú'.

(2) I dTreochlár na Bratasláive an 16 Meán Fómhair 2016[10], thug na 27 gCeann Stáit nó Rialtais gealltanas 'deiseanna níos fearr a chur ar fáil don óige', go sonrach trí bhíthin 'thacaíocht an Aontais do chomhrac na mBallstát i gcoinne na dífhostaíochta i measc na hóige agus cláir fheabhsaithe de chuid an Aontais a dhíreofar ar an óige'.

(3) I nDearbhú na Róimhe an 25 Márta 2017[11], gheall ceannairí na 27 mBallstát agus ceannairí na Comhairle Eorpaí, Pharlaimint na hEorpa agus an Choimisiúin Eorpaigh go n-oibreoidís i dtreo 'Aontas ina gcuirfí scoth an oideachais agus na hoiliúna ar dhaoine óga agus ina bhféadfaidís staidéar a dhéanamh agus poist a aimsiú ó cheann ceann na mór-roinne'.

(4) Aithnítear i Straitéis an Aontais Eorpaigh i leith na hÓige 2019-2027 gurb iad na daoine óga féin ailtirí a saoil féin, go spreagann siad athruithe dearfacha sa tsochaí agus go saibhríonn siad uaillmhianta an Aontais, agus gur féidir le beartas óige cur le spás a chruthú ina mbeidh daoine óga in ann deiseanna a thapú agus bá a bheith acu le luachanna Eorpacha. Le Blianta Eorpacha roimhe seo, amhail Bliain Eorpach na nIarnród 2021, Bliain Eorpach na hOidhreachta Cultúrtha 2018, nó Bliain Eorpach na Saoránach 2013-2014, cuireadh taithí luachmhar ar fáil ar cheart di bonn eolais a chur

8 IO C […], […], lch. […].
9 IO C […], […], lch. […].
10 Dearbhú agus Treochlár na Bratasláive –- Consilium (europa.eu)
11 The Rome Declaration [Dearbhú na Róimhe] (europa.eu)

le hiarrachtaí amach anseo rannpháirtíocht daoine óga maidir lena dtodhchaí agus todhchaí na hEorpa a mhúnlú.

(5) Le hIonstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh áirithítear go gcuirfear dlús leis an dá aistriú agus déantar foráil maidir leis an bhféidearthacht teacht amach as an bpaindéim le chéile agus sinn níos láidre agus cuirtear ar fáil léi peirspictíochtaí atá lán de dheiseanna le haghaidh daoine óga, lena n-áirítear poist ardcháilíochta agus oiriúnú don athrú sóisialta. Tá sé d'aidhm ag an Aontas go mbeadh an óige go hiomlán páirteach i gcéimniú amach Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh, rud a chuirfidh lena ról i dtaca leis an aistriú glas agus digiteach.

(6) An 15 Meán Fómhair 2021, d'fhógair an tUachtarán von der Leyen ina hAitheasc ar Staid an Aontais[12] go mbeartóidh an Coimisiún Eorpach go reáchtálfar Bliain Eorpach na hÓige in 2022. Agus í ag cur béim ar an muinín maidir le todhchaí na hEorpa a spreagann daoine óga na hEorpa inti, dúirt an tUachtarán von der Leyen '*má táimid lenár nAontas a mhúnlú ar bhealach atá siadsan á iarraidh, caithfidh daoine óga a bheith in ann todhchaí na hEorpa a mhúnlú*'. Teastaíonn fís agus rannpháirtíocht gach duine óig ón Eoraip chun todhchaí níos fearr a thógáil, agus ní mór don Eoraip deiseanna a thabhairt do dhaoine óga don todhchaí, todhchaí a bheidh níos glaise, níos digití agus níos cuimsithí. Ar an gcúis sin mhol an tUachtarán '*bliain a thiomnófar do chumhachtú na ndaoine a bhfuil oiread sin tiomnaithe acu féin do dhaoine eile*'.

(7) Tá rannpháirtíocht ghníomhach daoine óga i bpróisis dhaonlathacha ríthábhachtach le haghaidh thodhchaí na hEorpa agus agus a cuid sochaithe daonlathacha. I gcomhréir leis an bPlean Gníomhaíochta um an Daonlathas Eorpach[13], is é is aidhm do Bhliain Eorpach na hÓige borradh a chur faoi rannpháirtíocht ghníomhach daoine óga i saol daonlathach na hEorpa, lena n-áirítear trí thacú le gníomhaíochtaí rannpháirtíochta le haghaidh daoine óga ó chúlraí éagsúla i bpróisis amhail an Chomhdháil maidir le Todhchaí na hEorpa, rannpháirtíocht shibhialta agus tionscnaimh dheonacha a chur chun cinn, agus ar an gcaoi sin feasacht a ardú faoi chomhluachanna Eorpacha agus faoi chearta bunúsacha, chomh maith le stair agus cultúr na hEorpa, rud a thabharfaidh daoine óga agus cinnteoirí le chéile ar an leibhéal áitiúil, náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais agus a chuideoidh le próiseas na lánpháirtíochta Eorpaí.

(8) Aithnítear ról fíor-riachtanach daoine óga freisin agus ní mór tacú leis an ról sin 'ionas go mbainfear leas as a n-acmhainneachtaí as cuimse i dtaca le gníomhaíochas maidir le domhain níos fearr a chruthú'. Is rannchuidiú nithiúil í Bliain Eorpach na hÓige le Clár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe don Fhorbairt Inbhuanaithe ('Clár Oibre 2030')[14], ina leagtar béim ar 'leanaí agus mná óga agus fir óga a bheith ina ngníomhaithe ríthábhachtacha don athrú', agus ba cheart dlús breise a chur le cur chun feidhme an Chláir sin, leis an mbealach i dtreo forbairt inbhuanaithe, agus le cumas daoine óga an todhchaí a mhúnlú léi, ní hamháin todhchaí an Aontais, ach todhchaí tíortha comhpháirtíochta de chuid an Aontais agus todhchaí ár bpláinéid ina iomláine.

(9) Le Bliain Eorpach na hEorpa ba cheart rannchuidiú le rannpháirtíocht na hóige i ngníomhaíocht sheachtrach an Aontais a neartú sna beartais uile, le deiseanna nua a chruthú le haghaidh an oideachais agus malartuithe, comhpháirtíochtaí agus idirphlé idir daoine óga ón Aontas agus daoine óga ó thíortha comhpháirtíochta agus chun ról

12 soteu_2021_address_en_0.pdf (europa.eu)

13 https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/HTML/?uri=CELEX:52020DC0790&from=EN

14 21252030_Agenda_for_Sustainable_Development_[Clár_Oibre_don_Fhorbairt_Inbhuanaithe]_web.pdf (un.org)

rannpháirtíocht na hóige i gcumarsáid straitéiseach agus i ngníomhaíocht taidhleoireachta poiblí a mhéadú.

(10) Na Spriocanna Eorpacha don Óige, atá ina gcuid lárnach de Straitéis Óige an Aontais Eorpaigh, agus a d'fhorbair daoine óga don aos óg faoi phróiseas Idirphlé an Aontais i leith na hÓige, is léiriú iad ar fhonn go leor Eorpaigh óga a bheith rannpháirteach i sainmhíniú a thabhairt ar an treo is ceart d'fhorbairt an Aontais Eorpaigh dul.

(11) Le Bliain Eorpach na hÓige ba cheart borradh a chur faoi chur chun feidhme rathúil an chéad phrionsabail de Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta[15] ina gcuirtear i bhfios go láidir go bhfuil 'gach duine i dteideal oideachas, oiliúint agus foghlaim ar feadh an tsaoil atá ar ardchaighdeán agus cuimsitheach' agus an Limistéir Eorpaigh Oideachais, a bhfuil sé d'aidhm aige daoine óga a spreagadh ina sástacht phearsanta, shóisialta agus ghairmiúil trí fhíorspás Eorpach foghlama a chruthú faoi 2025, spás nach gcuirfear isteach ann ar oideachas agus oiliúint chuimsitheach agus ar ardcháilíocht do chách mar gheall ar theorainneacha.

(12) Le Bliain Eorpach na hÓige ba cheart tacú le hiarrachtaí an Aontais deiseanna fostaíochta don aos óg a mhéadú sa téarnamh iar-phaindéime mar a dhearbhaítear sa Rún ó Pharlaimint na hEorpa maidir leis an Ráthaíocht don Aos Óg (2020/2764(RSP))[16] ina gcuirtear i bhfios go láidir gur cuireadh isteach go tobann ar oideachas foirmiúil agus neamhfhoirmiúil daoine óga, ar thréimhsí oiliúna, ar intéirneachtaí agus ar phrintíseachtaí agus ar phoist mar gheall ar bhearta dianghlasála, rud a dhéanann difear dá n-ioncam, dá n-acmhainneacht tuillimh agus dá bhfolláine, lena n-áirítear a sláinte, go háirithe a meabharshláinte.

(13) Le Bliain Eorpach na hÓige, ba cheart dlús breise a chur le cruthú deiseanna fostaíochta óige ar ardcháilíocht faoin tionscnamh Tacaíochta um Fhostaíocht don Aos Óg (YES), lena n-áirítear Ráthaíocht don Aos Óg[17] atreisithe, agus faoi thionscnamh ALMA (Aimsigh, Foghlaim, Máistrigh, Bain amach) atá le cur chun feidhme faoi Chiste Sóisialta na hEorpa +. Ba cheart ALMA a bheith ina scéim soghluaisteachta trasteorann don aos óg do dhaoine faoi mhíbhuntáiste nach bhfuil fosaithe ná nach bhfuil i mbun oideachais ná oiliúna chun taithí ghairmiúil a fháil i dtíortha eile i dteannta seirbhísí sóisialta d'fhonn oideachas, oiliúint nó fostaíocht ar ardchaighdeán a chur ar fáil do na daoine óga sin, lena n-áirítear iad siúd ó réigiúin tuaithe, imeallacha agus bheagfhorbartha.

(14) Sa rún ó Pharlaimint na hEorpa maidir le tionchar COVID-19 ar an óige agus ar an spórt (2020/2864(RSP))[18], cuirtear i bhfios go láidir an tionchar géar a bhí ag an bpaindéim atá ann faoi láthair ar dhaoine óga nach bhfuil i mbun oideachais, fostaíochta ná oiliúna (NEETanna) agus an gá atá ann le dul i ngleic leis na fadhbanna a bhfuil ar dhaoine óga ó ghrúpaí leochaileacha aghaidh a thabhairt orthu; tugtar faoi deara gur tháinig ardú leanúnach ar an dífhostaíocht agus ar an mbochtaineacht i measc na hóige ó thús ráig na paindéime agus tathantaítear ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit na bearta uile is gá a dhéanamh chun na héifeachtaí tromchúiseacha ar an bhfostaíocht le haghaidh daoine óga a chomhrac. Sa Rún meabhraítear ról na hoibre

---

15 pdf (europa.eu)

16 Texts adopted – Reinforcing the Youth Guarantee - Thursday, 8 October 2020 [Téacsanna arna nglacadh – an Ráthaíocht don Aos Óg a neartú – Déardaoin, an 8 Deireadh Fómhair 2020] (europa.eu)

17 pdf (europa.eu)

18 Téacsanna arna nglacadh – Tionchar COVID-19 ar an óige agus ar an spórt – Dé Céadaoin, an 10 Feabhra 2021 (europa.eu)

deonaí i dtaca le scileanna saoil agus oibre a fhorbairt do dhaoine óga agus meastar gur féidir leis an gCór Dlúthpháirtíochta Eorpach cabhair a thabhairt d'Eorpaigh óga a ndeiseanna a leathnú thar na réaltachtaí ina saol áitiúil.

(15) Le Bliain Eorpach na hÓige ba cheart tacú le héifeacht a thabhairt don Rún ón gComhairle an 1 Nollaig 2020 maidir leis an gClár Oibre Eorpach don Obair Óige[19] a bhunú agus do na Conclúidí ón gComhairle an 22 Bealtaine 2019 maidir le Daoine Óga agus Todhchaí na hOibre[20], an 10 Nollaig 2019 maidir le hobair óige dhigiteach[21] agus an 7 Nollaig 2017 maidir le hobair óige chliste[22].

(16) Mar léiriú ar a thábhachtaí atá sé dul i ngleic le géarchéimeanna aeráide agus dúlra i gcomhréir le gealltanais an Aontais Comhaontú Pháras[23] a chur chun feidhme agus Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe a bhaint amach, le Bliain Eorpach na hÓige ba cheart cur le gníomhartha a bhaineann leis an aeráid agus leis an dúlra a phríomhshruthú agus le cur chun feidhme an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip[24] ar bhealach cothrom cuimsitheach, le misin Fís Eorpach agus leis an bpacáiste um oiriúnú don sprioc 55 %[25], go háirithe trí dhaoine óga a spreagadh chun a gcuid tionscnamh féin agus smaointe cruthaitheacha a cheapadh maidir leis na spriocanna ábhartha a bhaint amach.

(17) Le Bliain Eorpach na hÓige ba cheart dlús breise a chur leis an Rún ó Pharlaimint na hEorpa maidir le Bearta Éifeachta chun Erasmus+, Eoraip na Cruthaitheachta agus an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach a ghlasú (2019/2195(INI))[26] lena gcuirtear i bhfios go láidir go bhfuil Erasmus +, trína thacaíocht d'oideachas agus oiliúint fhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil agus do ghníomhaíochtaí rannpháirtíochta don aos óg, ríthábhachtach chun cur leis an bhfeasacht i measc Eorpach, go háirithe i measc na nglún óg, chun iad a spreagadh chun seasamh gníomhach agus eolach a bheith acu maidir le beartais inbhuanaitheachta agus beartais ábhartha agus chun go n-éireoidh siad rannpháirteach agus comhfhiosach mar shaoránaigh amach anseo; lena gcuirtear i bhfios go láidir, i ndáil leis sin, go bhfuil ról tábhachtach ag eagraíochtaí na hóige agus na sochaí sibhialta i ndea-chleachtais a chomhroinnt agus i gcur chun feidhme tionscadal lena gcuirtear le feasacht na nglún níos óige faoin inbhuanaitheacht.

(18) Ina hAitheasc ar Staid an Aontais, chuir an tUachtarán von der Leyen i dtreis go bhfuil 'an t-aos óg ina iomláine de dhíth ar an Eoraip'. Agus a cuspóirí á mbaint amach aici, ba cheart an Bhliain Eorpach a bheith go hiomlán cuimsitheach agus ba cheart rannpháirtíocht daoine ar lú na deiseanna atá acu a chur chun cinn go gníomhach.

(19) Tá Bliain Eorpach na hÓige daingnithe go docht sna prionsabail a aithnítear i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh (an 'Chairt')[27]. Go háirithe, ina gníomhú agus ina gníomhaíochtaí, is sprioc é de chuid Bhliain Eorpach na hÓige urraim iomlán

19 https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/PDF/?uri=uriserv:OJ.C_.2020.415.01.0001.01.ENG
20 pdf (europa.eu)
21 Conclúidí ón gComhairle agus ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle maidir le hObair Dhigiteach don Aos Óg 2019/C 414/02 – Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh (europa.eu)
22 Council conclusions on smart youth work [Conclúidí ón gComhairle maidir le hobair chliste don óige] (europa.eu)
23 Comhaontú Pháras | Gníomhaíocht ar son na haeráide (europa.eu)
24 Comhaontú Glas don Eoraip | An Coimisiún Eorpach (europa.eu)
25 Plean an Aontais don aistriú glas – Consilium (europa.eu)
26 Téacsanna arna nglacadh – Bearta éifeachtacha chun clár Erasmus+, clár Eoraip na Cruthaitheachta agus an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach a 'ghlasú' – Dé Máirt, an 15 Meán Fómhair 2020 (europa.eu)
27 text_en.pdf (europa.eu)

a áirithiú do cheart an chomhionannais idir mná agus fir agus do cheart an neamh-idirdhealaithe bunaithe ar inscne, ar bhunadh ciníoch nó eitneach, ar reiligiún nó ar chreideamh, ar mhíchumas, ar aois nó ar chlaonadh gnéasach, agus chun cur chun feidhme na Cairte a chur chun cinn. I Straitéis an Aontais maidir le Cearta an Linbh[28] agus sa Ráthaíocht Eorpach do Leanaí[29] socraíodh caighdeán nua d'ionadaíocht leanaí agus déagóirí agus aithnítear leanaí agus daoine óga mar shaoránaigh ghníomhacha agus mar ghníomhairí don athrú.

(20) Chun a áirithiú go gcuirfear Bliain Eorpach na hÓige chun feidhme go héifeachtach agus go héifeachtúil, ba cheart an úsáid is mó is féidir a bhaint as sásraí soláthair atá i bhfeidhm cheana. Chun breisluach na Bliana Eorpaí a bharrfheabhsú, ba cheart sineirgí agus comhlántacht a lorg, go háirithe, idir Bliain an Aontais agus cláir de chuid an Aontais lena n-áirítear na cláir sin a mbaineann for-rochtain idirnáisiúnta atá spriocdhírithe ar dhaoine óga leo, na cláir sin gan gné thrasnáisiúnta ná idirnáisiúnta, go háirithe na cláir sin a bhaineann leis an oideachas agus an oiliúint, spórt, cultúr agus na meáin, an óige agus dlúthpháirtíocht, obair dheonach, fostaíocht agus cuimsiú sóisialta, taighde agus nuálaíocht, tionscal agus fiontar, polasaí digiteach, talmhaíocht agus forbairt tuaithe lena leagtar béim ar fheirmeoirí óga, ar an gcomhshaol agus ar an aeráid, ar an mbeartas comhtháthaithe, ar imirce, ar shlándáil agus ar chomhar agus forbairt idirnáisiúnta, agus le gníomhaíochtaí a dhéanann na Ballstáit.

(21) Trí thimpeallacht a chruthú chun na cuspóirí sin a chur chun cinn go comhuaineach ar leibhéal an Aontais, ar an leibhéal náisiúnta, ar an leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal áitiúil, is féidir sineirgíocht níos mó agus úsáid níos fearr acmhainní a bhaint amach. I ndáil leis sin, ba cheart don Choimisiún faisnéis thráthúil a sholáthar do Pharlaimint na hEorpa, don Chomhairle agus do na Ballstáit, do Choiste na Réigiún, do Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus do na comhlachtaí agus na comhlachais atá gníomhach i réimse na hóige ar leibhéal an Aontais agus comhoibriú go dlúth leo. Chun a áirithiú go bhfuil gné Eorpach ag baint le gníomhaíochtaí a fhorbrófar le haghaidh Bhliain Eorpach na hÓige, moltar do na Ballstáit comhoibriú le chéile freisin.

(22) Le Bliain Eorpach na hÓige, ba cheart díriú chomh maith ar ghníomhú agus gníomhaíochtaí a d'fhéadfadh breisluach Eorpach a bheith ag baint leo. Tá coincheap an bhreisluacha Eorpaigh le tuiscint ar bhealach leathan agus is féidir é a léiriú ar bhealaí éagsúla, amhail i gcás ina mbaineann gné thrasnáisiúnta le gníomhartha nó gníomhaíochtaí, go háirithe maidir le comhar darb aidhm tionchar sistéamach inbhuanaithe a bhaint amach nó rannchuidiú le féiniúlacht Eorpach agus feasacht daoine óga agus lena n-úinéireacht ar luachanna coiteanna Eorpacha agus cearta bunúsacha, agus lena gcumas páirt a ghlacadh i ndaonlathas ionadaíoch agus rannpháirteach an Aontais.

(23) Ar leibhéal an Aontais, déanfar an leithdháileadh airgeadais is gá chun an Cinneadh seo a chur chun feidhme a shainaithint laistigh de bhuiséad na gclár ranníocaíochta i gcomhréir leis an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil 2021-2027. Gan dochar do chumhachtaí an údaráis bhuiséadaigh, ba cheart gurb é an aidhm a bheadh ann maoiniú EUR 8 milliún ar a laghad a chur ar fáil chun an Cinneadh seo a chur chun feidhme. Faoi réir cistiú a bheith ar fáil, beidh cómhaoiniú gníomhaíochtaí ó bhuiséad an Aontais lena dtacaítear le Bliain Eorpach na hÓige i gcomhréir leis na rialacha is

[28] COM(2021) 142 final

[29] Moladh ón gComhairle an 14 Meitheamh 2021 (AE)2021/1004

infheidhme maidir leis na cláir ábhartha, lena n-áirítear go háirithe Erasmus+ agus an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach agus, i gcás inarb iomchuí, le cláir eile de chuid an Aontais.

(24) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí an Chinnidh seo a ghnóthú go leordhóthanach agus, de bharr fairsinge agus éifeachtaí na gníomhaíochta seo, gur fearr is féidir iad a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 CAE. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Cinneadh seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a ghnóthú.

(25) I bhfianaise thionchar COVID 19 ar an óige agus dá réir sin an gá práinneach maidir le honóir a thabhairt don óige, tacú léi agus dul i dteagmháil léi i bpeirspictíocht iar-phaindéime, is iomchuí foráil a dhéanamh maidir le heisceacht ar an tréimhse 8 seachtaine dá dtagraítear in Airteagal 4 de Phrótacal Uimh. 1 maidir le ról na bParlaimintí náisiúnta san Aontas Eorpach, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach, leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus leis an gConradh lena mbunaítear an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach.

(26) Chun cur chun feidhme tapa Bhliain Eorpach na hÓige a áirithiú, ba cheart an Cinneadh seo a theacht i bhfeidhm mar ábhar práinne an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1
Ábhar

Ainmneofar an bhliain 2022 mar ‘Bhliain Eorpach na hÓige’ (dá ngairtear an ‘Bhliain Eorpach’ anseo feasta).

Airteagal 2
Cuspóirí

I gcomhréir le cuspóirí Straitéis Óige an Aontais Eorpaigh 2019-2027 agus na Spriocanna Eorpacha don Óige, is é cuspóir foriomlán na Bliana Eorpaí borradh a chur faoi iarrachtaí an Aontais, na mBallstát agus na n-údarás réigiúnach agus áitiúil onóir a thabhairt don óige, tacú léi agus dul i dteagmháil léi i bpeirspictíocht iar-phaindéime. Go háirithe, tá sé d’aidhm ag an mBliain Eorpach:

1. béim a leagan ar an gcaoi a dtairgtear leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach peirspictíocht athnuaite maidir leis an todhchaí agus deiseanna chun dul i ngleic le tionchar diúltach na paindéime ar dhaoine óga agus ar an tsochaí i gcoitinne, inspioráid a fháil ó ghníomhartha, ó fhís agus ó léargais daoine óga chun tionscadal coiteann an Aontais Eorpaigh a neartú agus a spreagadh a thuilleadh agus éisteacht a thabhairt dóibh, agus a n-ábhar imní a chur san áireamh agus tacú leo deiseanna nithiúla cuimsitheacha a fhorbairt, agus an úsáid is fearr á baint as ionstraimí an Aontais san am céanna,

2. gach duine óg a spreagadh, go háirithe daoine óga a bhfuil níos lú deiseanna acu, daoine óga ó chúlraí atá faoi mhíbhuntáiste nó a bhaineann le grúpaí leochaileacha, chomh maith le daoine óga ó réigiúin tuaithe, fhorimeallacha agus bheagfhorbartha, le bheith ina saoránach gníomhach agus rannpháirteach chomh maith le gníomhaí ar

son an athraithe, arna spreagadh ag muintearas Eorpach, lena n-áirítear iarrachtaí breise maidir le hacmhainneacht a thógáil i ndáil le rannpháirtíocht óige agus rannpháirtíocht saoránach i measc daoine óga agus i measc na bpáirtithe leasmhara uile, a oibríonn chun ionadaíocht a dhéanamh ar a leasanna agus a bhaineann le rannchuidiú daoine óga ó chúlraí éagsúla i bpróisis chomhairliúcháin ríthábhachtacha, amhail an Chomhdháil ar Thodhchaí na hEorpa,

3. deiseanna a chur chun cinn le haghaidh daoine óga a eascraíonn as beartais phoiblí ar leibhéal an Aontais, ar an leibhéal náisiúnta, ar an leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal áitiúil, chun tacú lena bhforbairt phearsanta, shóisialta agus ghairmiúil i ndomhan glas, digiteach agus cuimsitheach.

Airteagal 3
Cineál na mbeart

1. Cuimseofar na gníomhaíochtaí seo a leanas ar an leibhéal Eorpach, an leibhéal náisiúnta, an leibhéal réigiúnach nó an leibhéal áitiúil agus, i gcás inarb ábhartha, i dtíortha comhpháirtíochta i measc na mbeart a ghlacfar chun na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 2 a bhaint amach agus atá nasctha le cuspóirí na Bliana Eorpaí, mar atá:

   (a) comhdhálacha, imeachtaí agus tionscnaimh chun díospóireacht chuimsitheach agus inrochtana maidir le dúshláin a chur chun cinn, lena n-áirítear tionchar phaindéim COVID-19, dúshláin atá le sárú ag daoine óga, lena n-áirítear daoine óga a bhfuil níos lú deiseanna acu agus a bhaineann le grúpaí leochaileacha, agus maidir leis an ngníomhaíocht is féidir le páirtithe leasmhara ar leibhéil éagsúla a dhéanamh;

   (b) rannpháirtíocht na hóige a chur chun cinn agus feabhas a chur ar na huirlisí, na bealaí agus na cláir atá ann cheana lena gcuirtear ar chumas daoine óga dul i dteagmháil le lucht ceaptha beartas trí thaithí agus dea-chleachtais a shainaithint, a bhailiú agus a roinnt;

   (c) smaointe a bhailiú trí mhodhanna rannpháirtíochta a úsáid, d'fhonn an Bhliain Eorpach a chomhchruthú;

   (d) feachtais faisnéise, oideachais agus múscailte feasachta chun luachanna a chur in iúl amhail comhionannas, dlúthpháirtíocht, obair dheonach, muintearas agus sábháilteacht, an mothúchán a bheith ag daoine go bhfuiltear ag éisteacht leo agus go bhfuil meas á thabhairt orthu, chun rannchuidiú gníomhach na hóige a spreagadh chun sochaí níos cuimsithí, níos glaise agus níos digití a thógáil;

   (e) spás a chruthú chun deiseanna a dhéanamh as dúshláin le meon fiontraíochta;

   (f) staidéir agus taighde a dhéanamh ar staid óige an Aontais, trí staidreamh comhchuibhithe Eorpach a tháirgeadh agus é agus staidreamh eile de chuid an Aontais a úsáid, chomh maith leis na torthaí sin a chur chun cinn agus a scaipeadh ar an leibhéal Eorpach, ar an leibhéal náisiúnta nó ar an leibhéal réigiúnach;

   (g) cláir, deiseanna maoiniúcháin, tionscadail, gníomhartha agus líonraí atá ábhartha don óige a chur chun cinn, lena n-áirítear é sin a dhéanamh trí bhíthin na meán sóisialta agus pobail ar líne.

2. Féadfaidh an Coimisiún gníomhaíochtaí eile a shainaithint a d'fhéadfadh cur le cuspóirí na Bliana Eorpaí agus a cheadú go ndéanfar tagairtí don Bhliain Eorpach le

húsáid i gcur chun cinn na ngníomhaíochtaí sin a mhéid a rannchuidíonn siad leis na cuspóirí sin a bhaint amach. Féadfaidh na hinstitiúidí Eorpacha agus na Ballstáit gníomhaíochtaí eile den sórt sin a shainaithint agus iad a mholadh don Choimisiún.

Airteagal 4
Comhordú ar an leibhéal náisiúnta

Is freagracht de chuid na mBallstát é rannpháirtíocht sa Bhliain Eorpach ar an leibhéal náisiúnta a eagrú. Chuige sin, ceapfaidh na Ballstáit comhordaitheoirí náisiúnta. Áiritheoidh na comhordaitheoirí náisiúnta comhordú na ngníomhaíochtaí ábhartha ar an leibhéal náisiúnta. Áiritheoidh siad freisin rannpháirtíocht ghníomhach daoine óga agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta i gcur chun feidhme ghníomhaíochtaí na Bliana.

Airteagal 5
Comhordú ar leibhéal an Aontais

1. Tionólfaidh an Coimisiún cruinnithe de chuid na gcomhordaitheoirí náisiúnta chun comhordú a dhéanamh ar reáchtáil na Bliana Eorpaí. Feidhmeoidh na cruinnithe sin mar dheis malartaithe faisnéise chomh maith maidir le cur chun feidhme na Bliana Eorpaí ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais. Féadfaidh ionadaithe ó Pharlaimint na hEorpa a bheith rannpháirteach sna cruinnithe sin mar bhreathnóirí agus rannchuidiú leis na cruinnithe sin.
2. Beidh cur chuige trasnaí ag comhordú na Bliana Eorpaí ar leibhéal an Aontais d’fhonn sineirgí idir cláir éagsúla an Aontais agus tionscnaimh atá ábhartha maidir le daoine óga a chruthú.
